Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2026
(OR. en)

16853/1/25
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0413(NLE)**

INDEF 185
COTRA 57
POLMIL 432
COPS 683
ECOFIN 1747
FIN 1560
UEM 634
FISC 376
COMPET 1361
MAP 163
IND 623
CSC 679

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú ón [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle[2+], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE (‘Comhaontú SAFE’) an … [*dáta an tsínithe*], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, agus cuireadh i bhfeidhm ar bhonn sealadach é ón … [dáta an chur i bhfeidhm shealadaigh], go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(2) Le tabhairt i gcrích Chomhaontú SAFE, cumasaítear comhar tionsclaíoch cosanta méadaithe agus léirítear an mhian chomhroinnte an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Ceanada a dhoimhniú i réimse na slándála agus na cosanta agus comhpháirtíocht níos dlúithe, níos cothroime agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a chothú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada chun tacú le comhar cosanta praiticiúil.

(3) Ba cheart Comhaontú SAFE a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle an … maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoin Ionstraim SAFE (IO L, …, ELI: …).

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá in ST 16849/25 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE a fhormheas.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha[3].

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[3] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.